


| | | |
|--|---|---|
| Staitisticí An Roinn Oideachais agus Scileanna Bloc 2 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 |  | Statistics Department of Education and Skills Block 2 Marlborough Street Dublin 1 |
|--|---|---|

Dáta: 15/04/2015

Uimhir Chiorcláin: 0025/2015

Príomhbhunachar Sonraí ar Líne

Chuíg: Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna

Réamhrá

Tá roinnt éileamh déanta le blianta beaga anuas go gcuirfí bunachar sonraí aonair daltaí bunscoile i bhfeidhm, ag teacht as foinsí chomh héagsúil le scoileanna, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumann, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus grúpaí agus carthanais a oibríonn ar son leanaí.

Beidh an Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne mar uirlis riaracháin agus bainistíochta ríthábhachtach chun oibleagáid na Roinne faoi ailt 6 agus 7 den Acht Oideachais, 1998 a shásamh. Tá tábhacht bhunúsach le sonraí aonair maidir le daltaí ag leibhéal bunscoile chun ár riachtanais le faisnéis ábhartha agus thráthúil a fháil chun leas oideachais daltaí bunscoile a chinntiú, chun monatóireacht cheart a dhéanamh agus freastal ar riachtanais foghrúpaí leochaileacha, agus lena chinntiú go bhfuil an t-aistriú ón gcóras bunscoile go dtí an córas iar-bhunscoile á dhéanamh ag gach leanbh.

Trí uimhreacha PPS a úsáid mar aitheantóirí uathúla, cuideoidh an bunachar sonraí leis an Roinn chun faisnéis ríthábhachtach a chur le chéile faoi dhul chun cinn daltaí bunscoile tríd an gcóras oideachais, agus an tionchar a bhíonn ag idirghabhálacha oideachais. Úsáidfear é chun táscairí a chur ar fáil maidir leis na rudaí atá ag oibriú agus nach bhfuil inár gcóras oideachais, mar aon le faisnéis ábhartha, suas chun dáta a thabhairt i gcomhair pleanála agus leithdháileadh acmhainní. Tá bunachair shonraí chosúla i bhfeidhm cheana ag leibhéal eile oideachais. In am trátha, tá an Roinn muiníneach go laghdóidh an bunachar sonraí an t-ualach riaracháin agus comhlánú foirmeacha ar scoileanna agus ar thuismitheoirí agus go beidh ról ríthábhachtach aige mar bhonn agus taca le soláthar oideachais do gach dalta bunscoile.

Tá an Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne á rolladh amach ar fud an chórais bhunscoile. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo dul i ngleic leis na príomh-shaincheisteanna agus buarthaí a eascraíonn i rith na tréimhse a líonfar na sonraí, agus chun soiléireacht agus treoir a thabhairt do scoileanna lena chinntiú go gcuirtear gach dalta ar an POD chun críocha íocaíochtaí deontais agus leithdháileadh múinteora.

Ábhar

1. *Próiseáil Sonraí agus Cosaint Sonraí.*

Tá leagan athbhreithnithe den Fhógra um Próiseáil Chóir POD, ina leagtar amach an bunús dlí le POD agus an beartas coinneála POD ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.education.ie. Leagtar amach san Fhógra um Próiseáil Chóir an bunús dlí faoinar féidir le scoileanna UPSP a leanaí a iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí. Ba cheart go dtabharfadh scoileanna faoi deara go

ndearnadh athbheithniú ar bheartas coinneála POD agus coinneofar faisnéis inaitheanta anois go dtí 19ú breithlá an dalta. Moltar do scoileanna nach mbeidh rochtain acu a thuilleadh ar thaifid inaitheanta ar POD ón bpointe sin ar aghaidh agus ba cheart go mbeidís aireach air seo agus a mbeartais um choinneáil taifead agus chosaint sonraí féin á gcur le chéile acu. Mar a moladh roimhe seo, nuair a bhíonn POD i bhfeidhm, tiocfaidh sé in áit an riachtanais go gcoinneodh scoileanna cóip chrua de Chlárleabhar. B'fhéidir go mbeadh ar roinnt scoileanna sonraí POD a choinneáil ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná an tréimhse choinneála arna leagan amach ag an Roinn do POD. Cuirfidh an Roinn, i gcomhar le comhlachtaí bainistíochta scoile, próiseas i bhfeidhm chun scoileanna a éascú le hasbhaint áitiúil de shonraí POD a thógáil sula mbaintear an fhaisnéis inaitheanta. Ba cheart do scoileanna na hasbhaintí seo ón POD a stóráil go slán agus a choinneáil de réir a ndualgais mar rialaitheoirí sonraí.

I ndáil le foirmeacha páipéir a úsáidtear chun POD a chomhlánú, éilíonn an Roinn go gcoinnítear taifead ar thoilíú scríofa don dá athraitheach pearsanta íogair (creideamh agus cúlra eitneach/cultúrtha) lena iniúchadh sa scoil fad is atá an dalta sin rollaithe. Más mian le scoil cóip chrua de Chlárleabhar a choinneáil, is féidir sin a dhéanamh ach ní riachtanas éigeantach a bheidh ann. Leagfar amach an t-athrú seo sna socruithe reatha i gclár ar leith a eiseofar go gairid ó Rannóg Rialachas Scoile na Roinne. Mura dteastaíonn na taifid ó scoileanna chun a gcríocha féin tar éis na tréimhse sin, is féidir iad a dhiúscairt go slán nuair a fhágann an dalta an scoil. Seachas taifead toilithe, ní éilíonn an Roinn go gcoinneodh scoileanna taifid ar na sonraí a bhailítear ó thuismitheoirí le haghaidh POD, agus, dá bhrí sin, ba cheart do scoileanna na foirmeacha páipéir a dhiúscairt mura dteastaíonn siad ón scoil chun a gcríocha riaracháin féin (e.g. má bailíodh an fhaisnéis mar chuid d'fhoirm rollaithe na scoile féin).

Tugtar treoir shonrach don earnáil ar an suíomh gréasáin dataprotectionschools.ie le cuidiú le scoileanna i réimse na reachtaíochta um chosaint sonraí agus tugtar samplaí, beartais agus cóid chleachtais shamplacha, agus naisc úsáideacha eile le hacmhainní eile.

2. Comhroinnt sonraí le comhlachtaí eile

Leagtar amach san Fhógra um Próiseáil Chóir na comhlachtaí a bhfuil sé i gceist ag an Roinn sonraí a roinnt leo agus na coinníollacha faoina roinnfear na sonraí. Tá foráil reachtúil ann do na socruithe um chomhroinnt sonraí ar fad a bheartaítear do POD. Tabhair faoi deara nach gciallaíonn “comhroinnt sonraí” go mbeidh rochtain dhíreach ag na comhlachtaí lena roinntear na sonraí ar POD.

3. Rochtain ar POD i scoileanna

Tharmlig scoileanna freagracht as rochtain a thabhairt don fhoireann ar POD ina scoileanna trí úsáid a bhaint as an ról “Riarthóir Áitiúil”, is féidir a úsáid chun ról rochtana POD-amháin a shannadh don fhoireann. Ba cheart do scoileanna a chinntiú nach dtugtar rochtain ach don fhoireann óna dteastaíonn rochtain ar POD d'fhonn sonraí a iontráil agus a chothabháil, agus a chinntiú nach dtugtar rochtain ach ar feadh na tréimhse a theastaíonn chun sin a dhéanamh.

Mar eolas do scoileanna agus tuismitheoirí/caomhnóirí, leagtar amach san Fhógra um Próiseáil Chóir do POD an chaoi a stórálfar agus a bhfaighfear rochtain ar shonraí laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna.

4. Riachtanas do scoileanna lena chinntiú go gcomhairtear gach dalta ar an POD chun críocha íocaíochtaí deontais agus leithdháileadh múinteora.

Ó 2016/2017, beidh na comhairimh rollaithe ar an POD mar bhunús d'íocaíochtaí deontais agus leithdháiltí múinteora. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn taifead ar fáil ar POD do gach dalta rollaithe sa scoil. Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm i ndáil le comhlánú POD don scoilbhliain 2015/2016 ar aghaidh:

- 1) I ndáil le gach rollú nua i mbunscoileanna ó 2015/2016 ar aghaidh, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin riachtanas atá ar scoileanna na sonraí a aistriú ar aghaidh chuig an POD agus ba cheart go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhfuil sonraí a leanaí á dtabhairt acu chun na críche seo, mar aon le faisnéis a thabhairt chun críche riarachán scoile áitiúil. Ba cheart go mbeadh scoileanna agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhfuil an riachtanas le sonraí dalta a sholáthar don POD maidir le gach rollú nua ó 2015/2016 ar aghaidh éigeantach d'fhonn go gcomhairfí an dalta sin chun críocha íocaíocht deontais agus leithdháileadh múinteora. Ba cheart go mbeadh scoileanna ar an eolas faoi seo agus daltaí nua á rollú ina scoil amach anseo.
- 2) I ndáil le daltaí reatha a rollaíodh i mbliain acadúil 2014/2015, tuigeann an Roinn gur léirigh líon beag tuismitheoirí/caomhnóirí imní maidir le sonraí atá tugtha acu cheana féin don scoil le húsáid ag an scoil arna n-aistriú ar aghaidh chuig POD. Réitíodh Fógra um Próiseáil Chóir athbhreithnithe ina bhfuil cumarsáid níos soiléire agus beartas coinneála nuashonraithe, agus iarrtar ar scoileanna a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí go bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil anois ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Tá an Roinn sásta go bhfuil bunús dlí soiléir leis an aistriú sonraí ar aghaidh ó scoileanna chuig POD, agus tá sí ag súil go dtabharfar soiléireacht agus suaimhneas d'aon tuismitheoirí a bhfuil imní orthu. Ach, i gcuid an-bheag cásanna, i gcás, d'ainneoin gach iarracht ag scoileanna agus na soiléirithe arna gcur ar fáil ag an Roinn, go ndíulfaíonn tuismitheoir *dalta atá rollaithe faoi láthair* (i.e. rollaithe i mbliain acadúil 2014/2015) go mór sonraí a sholáthar do POD, aithníonn an Roinn gur cheart socrú praiticiúil a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ar scoileanna agus gur féidir taifead a dhéanamh do gach dalta ar POD. Dá bhrí sin, do na cásanna seo, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

- a. Má tá tuismitheoirí/caomhnóirí fós i gcoinne sonraí a sholáthar do POD, ní mór dóibh a n-agóid a chur i scríbhinn chuig an scoil d'fhonn go ndéanfaí an rud a theastaíonn uathu. Tabhair faoi deara **nach** mbeidh agóidí ó bhéal leordhóthanach chuige seo, mar go n-éileoidh an Roinn ar scoileanna taifid scríofa a choinneáil d'agóidí, agus ba cheart go gcuirfeadh an scoil tuismitheoirí nach gcuireann a n-agóidí i scríbhinn ar an eolas go n-aistrefar a dtaifead chuig POD laistigh de cheithre seachtaine mura bhfaighfear an agóid i scríbhinn. Ba cheart gach deis a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun a n-agóidí a dhéanamh i scríbhinn don scoil.
- b. Is féidir le scoileanna a fhaigheann litir ó thuismitheoir ina leagtar amach a n-agóidí maidir le sonraí a sholáthar do POD taifead páirteach a chruthú don dalta sin ar POD, leis na treoirínte atá ar fáil ar iarratas ón Deasc Chabhrach POD. Cinnteoidh sé seo go gcruthaítear taifead don dalta a chomhairfear chun críocha íocaíochtaí deontais agus leithdháileadh múinteora.
- c. Ní ghlacfar le taifid pháirteacha ach do dháltaí atá rollaithe i scoileanna i mbliain acadúil 2014/2015. Ba cheart gach iontrálaí nua ó 2015/2016 ar aghaidh a chur ar an eolas roimh phointe an rollaithe go n-aistrefar a sonraí chuig POD. Ba cheart scoileanna a chur ar an eolas nach bhfaighfear íocaíochtaí deontais ná ní chomhairfear chun críocha caipitíochta aon dalta a rollaítear ina dhiaidh sin agus nach n-aistrítear faisnéis ina dtaobh chuig POD.
- d. Beidh ar scoileanna, ón mbliain acadúil 2016/2017, taifead a choinneáil ar gach dalta rollaithe ar POD. I gcás na ndáltaí sin ar cruthaíodh taifead páirteach ina leith (feic (b) thuas), ba cheart go mbeadh litir chomhfhreagrach ó thuismitheoir an dalta sin mar agóid ar aistriú sonraí áirithe atá i gcomhad sa scoil. Ní mór na taifid seo a bheith ar fáil lena n-íniúchadh amach anseo ag Cigireacht na Roinne.

5. **Cáilíocht na sonraí**

Ba cheart go ndéanfadh scoileanna a ndícheall chun sláine na faisnéise a thugann siad do POD a chinntiú. Má tá imní i ndáil le beachtas na faisnéise a thugtar, d'fhéadfadh scoileanna an

fhaisnéis seo a dheimhniú leis an tuismitheoir/gcaomhnóir. Ach, tar éis an fhaisnéis a dheimhniú leis an tuismitheoir/caomhnóir, ní mór don scoil an fhaisnéis a iontráil mar a chuirtear ar fáil í.

Tá roinnt ceisteanna faighte i ndáil le ceist na náisiúntachta. Is faoi tuismitheoirí/chaomhnóirí atá sé náisiúntacht a shainmhíniú, seachas faoi na scoileanna.

I ndáil leis an gceist maidir le Cúlra Eitneach agus Cultúrtha – ba cheart an fhaisnéis a thabhairt mar a shainmhíniú an tuismitheoir/caomhnóir. Ní íocfar caipitíocht bhreise le scoileanna as daltaí atá ina mbaill den Lucht Siúil ach i gcás go dtugann na tuismitheoirí/caomhnóirí toiliú scríofa go nochtfaí gur ball de Lucht Siúil na hÉireann é Cúlra Eitneach nó Cultúrtha an linbh.

Faoi láthair, ba cheart go mbeadh toiliú tuismitheora/caomhnóra á fháil ag scoileanna chun daltaí atá ina mbaill den Lucht Siúil a aithint sa Daonáireamh Náisiúnta Scoile Bliantúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtacaíonn Eagraíochtaí Ionadaíochta an Lucht Siúil go hiomlán leis an gceist seo a áireamh.

D'fhonn cáilíocht na sonraí a fhaightear ó tuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú, ba cheart go gcinnteodh scoileanna go ndéantar gach iarracht cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcomhlánú agus i mbailiú sonraí i gcás go bhfuil deacracht teanga.

6. *Leagan Gaeilge POD*

Beidh leagan Gaeilge POD ar fáil faoi dheireadh an dara ráithe de 2015. Ba cheart do scoileanna a chur san áireamh go bhfuil cáipéisíocht POD ar fad ar fáil i mBéarla agus i Gaeilge faoi láthair.

7. *Bliain a athdhéanamh*

Nuair atá daltaí nua á rollú, taispeánfaidh POD an raibh na daltaí seo sa chaighdeán céanna cheana i do scoil nó i scoil eile. Meabhraítear do scoileanna bheith aireach faoi Chiorclán 32/03 na Roinne maidir le Coinneáil Daltaí sa Ghrád céanna i mBunscoileanna.

8. *Réimse nótaí in POD*

Meabhraítear do scoileanna nach bhfuil an réimse nótaí i rannóg na ndaltaí de POD infheicthe ach do scoileanna agus nach féidir leis an Roinn rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo. B'fhéidir go mbeadh scoileanna ag iarraidh an réimse seo a úsáid ar bhealach caighdeánaithe le haghaidh tascanna riaracháin chun críocha scoile amháin. Ní thaistealóidh an fhaisnéis seo leis an dalta i gcás aistrithe chuig scoil eile. Tá an réimse Tuairimí Scoile/DES i rannóg na scoileanna de POD infheicthe don scoil agus don Roinn Oideachais agus Scileanna agus níor cheart é a úsáid chun faisnéis phearsanta a stóráil, ná níor cheart é a úsáid chun ceisteanna a chur chuig an Roinn.

Sínithe:

Diarmuid Reidy, Staitisteoir Sinsearach, Rannóg na Staitisticí, an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Teagmhálacha

Guthán: 01-8892085

Facs: 01-8896419

Ríomhphost: POD@education.gov.ie

Gréasán: <http://www.education.gov.ie>